16. MADARA DUBH NA nOCHT gCOS

Insa sean-tsaol anso fudó do bhí rí agus bannríon, agus ní raibh éinne cluinn' acu ar fiog i bhfad Éireann aimsire. Ach b'é toil Dé gur reánguig go raibh duine cluinne a' teacht abhaile go dí an bhannrín; agus má bhí choíhint, oíhe gosna hoíheanta, do bhuail chuic' isteach scoláire bocht. Do bhí fáilte mhór ag an rí roimh a' scoláire bocht; [ba ?] fada nár ghuibh éinne chuige a ndéanfadh sae oíhe chuìdeachtan leis nú go dí sin. Do shuig fear a' tí—an rí—agus an scoláire bocht ar chathaoireacha chois na tine, agus bhíodar a' caínt leóthu ar fhaid na hoíhe, agus seanachas mór eatarthu. Amach san oíhe do choinnic an scoláire bocht go raibh góil trí n-a chéil' icínt ar fhuaid a' tí, agus ní raibh fhios aige céard a bhí ar bun. Cad a bhí ach do bhuail tinneas a' linibh an bhannríon, agus do bhí teachtairí agus seiribhísig a' góil siar 's aniar ar fhaid na hoíhe chuici. D'imig a' rí, agus chua sé siar insan áit a raibh sí, ach ní raibh éinne insa chistin ach a' scoláire bocht agus é leis féin. Bhí mar sin. An chéad duine gosna seiribhísig a thainic insa chistin, do d'fhiarha sé dhi cad a bhí ar n-agha thiar, nú a' raibh aon ghiob bunoisciúnn ag imeàcht ná raibh aon chúntas aige féin air.

"O, ní hea," adúirt sí sin, "ach tá an maighistreás le linn cluinne anocht, agus tá an fonn a' teacht."

"Ó, is math é sin," adúirt a' scoláire bocht.

Do d'eighri sé amach, agus d' fhág sé an chistean, agus do d'imi sé amach ar a' gcroc. D'oscail sé a leabhar, agus do bhí sé a' léamh ar fiog tamaill mhuair amuh ar a' gcroc, agus do bhí sé a' léamh na bpláinéidí a bhí as a cheann. I gceann tamaill aimsire, nuair ba cheart do é, chais sé go dí an ndoras, agus do d' fhiarha sé gon bhean chabhrach a' raibh an maighistireás ní b'fhearr fós.

'Ó, níl anois," adúirt sí, agus ní fada go mbeig."

Féach, má d'fhéadann tú i n-ao'chor é," adúirt sé, "a' gcoin-

neófá moill leath-uair a' chloig ar a' leanabh gan teacht ? " " 'Well, ní dóigh liom go n-fhéadfa me é dhéana," adúirt sí, " ach déanfa me mo dhíheallt."

Mar sin a bhí. Do d'imi sé aríst, agus do bhí sé a' léamh leis cuid eile, agus má bhí choíhint, nuair ab am leis aríst, do thaini sé go dí an ndoras agus d'fhiarha sé gon bhean chabhrach a' raibh a' maighistireás níos fearr, nú a' raibh a' leanabh ar a' saol.

"Níl," adúirt sí, "ach tá an leanabh a' teacht."

" Más féidir leat i n-ao'chor é," adúirt sé, " coinnibh cearthú uair a' chloig moille ar a' leanabh gan teacht, agus be me ana-bhaoch díot."

Mar sin a bhí. D'imi sé aríst, agus chuaig an bhean chabhrach ther n-ais i n-a háit héin; agus do bhí sé a' léamh leis. Ach do thainic a' leanabh ar a' saol, agus do chas a' scoláire bocht anuas síos go dí an ndoras arís.

“'Bhfuil a' leanabh ar a' saol," adúirt sé, “nú a' bhfuil sé a’ teacht?"

“Ó, tá an leanabh ar a' saol, agus ní fhéadfainn aon mhoill a choinneáilt air."

"Níl aon leigheas air," adúirt a' scoláire bocht.

Do thaini sé isteach ansin, agus do shui sé síos. Do bhí an leanabh ar a' saol, agus do bhí gah éinne i nhumour ansin. Bhí an maighistireás ní b'fheárr, agus do bhí gah uile rud socair go math. Do shuig an rí agus an scoláire bocht síos aríst, agus do bhíodar a' caínt leóthu as sin go raibh sé i n-am chollata. Do chuaig a' scoláire bocht a cholla ar a leabain, agus do chuaig an rí, is dóch, 'na choll' ar a leabain insa nós chéanna. Do d'fhan a' chuid eile gona seiribhísig agus a' maighistireás ar fhuaid a' tí mar ba cheart dóib.

Ar maidin lárnamháireach do bhí an scoláire bocht ana-bhaoch, agus do bhí sé a' braith ar imeacht. Do scrí' sé ticéid agus do dhin sé leabhar Eóin don ticéid, agus do thug sé go máthair a' linibh é.

" Anois," adúirt sé, "cuir a' ticéid seo fé bhéal a' linibh, agus din leabhar Eóin de. Ná bain ó mhuinéal a' linibh é, agus ná haistríodh éinne é, agus ná léadh sae é nú go mbeig a' leanabh lé linn a bheith bliain agus fiche g'aos, agus tabhair don leanabh ansin [é] agus lig do féin é léamh!"

Mar sin do bhí. Do bhí an leanabh ag eighrí suas, agus bhí an borra 'n aon ghé fén leanabh; agus do baisteag é i n-[a]ainim— Priúnsa Seán. An borra ná beadh inniubh fé, do bhí sé amáireach fé, agus do bhí sé ag eighrí suas nú go rai' sé ag eighrí amach ar bheith i n-a fhear óg. D'imíodh sé amach a' fiach agus a' fionnachoscairt leis féin gach uile lá, agus a' marcaíocht ar chapaille. Do bhí sé i n-a thogha marcaig.

Ach lá nuair a bhí sé a' déan' amach ar bheith insan aois go raibh sé bliain agus fiche g'aois, do léig a mháthair a' ticéid, agus do choinnic sí cuid é a' rud a bhí ann. Agus is é a' rud a bhí insa ticéid—nuair a bheadh a' leanabh i n-aois an bhliain agus fiche go maródh Madara Dubh na n-Och' gCos é. Well, do bhí sí gan a bheith i nhumour ansin; agus níor inis sí don leanabh beag ná muar é.

Do bhí an leanabh a' góil isteach is amach, agus é i n-a bhuachaill óg, agus é a' déan' amach ar an aois go raibh sé an bhliain agus fiche, agus go raibh a' t-am a' teacht. Níl aon uair a ghabhadh a' leanabh amach, nuair a chasadh sae isteach, ná bíodh a mháthair a' gol ar a diheallt. Ní bhíodh fhios aige cad a bhí a' cathamh uirthi.

Lá ghá laethanta do fuair sé cuire ar imeacht a' dul chuig fiaig. Do chuir sé i gcóir an capall ab fhearr a bhí i stábala an athar, agus do chuir sé srian agus diallait nua glan air, agus do d'imig sé leis go dí an bhfiach. Níor dheagha sé i bhfad i n-ao'chor nuair a bhris an dá stíoróip a bhí fé n-a dhá chois, agus thuiteadar go talamh uaig. Níor chuir sé aon tsuím ansuin ach cas' abhaile agus peidhr' eile ab fheárr ná iad fháil, agus imeacht aríst; agus insan áit chéanna, nuair a chua sé aríst, do bhain a' cleas céanna dho. Do chais sé aríst, agus do fuair sé an tríú peidhre; ach ag imeacht do, agus a' tríú peidhre stíoróipí níor dheagha fé n-a chos' aige, agus é ag imeacht go dí an bhfiach, sé ach a' fad céanna nuair a bhriseadar fé n-a chosa.

Tá go math!" adúirt sé. "Tá rud eicínt lé theacht treasna dhô-sa inniubh ná fuil fhios agam cuid é a' rud é, agus ní ragha me go dí an bhfiach i n-ao'chor."

Do chais sé abhaile, agus do thaini sé i ngan fhios don mháthair, agus nuair a thaini sé isteach, do bhí an mháthair 'n-a suí ar a' gcathaoir, agus í a' sile ar a díheallt. Do d'fhéach sé uirthi, agus do choinnic sé a' gol í.

A mháthair," adúirt sé, " cuid é an réasún go bhfuil tu a' gol gach uile lá leis a' bhfaid seo aimsire? Gheó me amach, agus nuair a thiocfa me isteach, tiocfa me suais leat agus tu a' gol."

"Níl aon bhlas, a ghrá, ach go mbíonn uaigineas id' dhiaig oram."

"Well, ní fhágfa me an áit seo," adúirt sé, "go n-ínsí tu dhom cuid é an fáth a mbíonn tu a' gol gach uile lá nuair a ghabhaim amach. Go réidh suíte, tá rud eicínt le theacht treasna dhom ná fuil fhios agam," adúirt sé, " agus tá sé i n-am agam fhios a bheith agam!"

"Muise, tá sé chô math é ínseacht duit, a ghrá," adúirt sí. "Nuair a bhe tusa bliain agus fiche g' aois," adúirt sí, " tá tu lé marú ag Madara Dubh na n-Och' gCos, agus is sin é an réasún a bhfuil mise a' gol is a' caoine gach uile lá, mar tá fhios agam [go bhfuil tu] a' druidiúint leis an uair anois."

"Níl aon leigheas air, a mháthair," adúirt sé. " Rud ar bith a gheall Dia dhúinn cathfa muid a ghóil leis, agus is dóch gurb shin é an bás a gheall Dia dhúinn !"

"Is dóch gurb é, a ghrá," adúirt sí. "Níl aon ghiob lé déana aghainn anois."

Mar sin a bhí. Do bhuail brón agus buaireamh é féin ansin, agus ní raibh fhios aige cuid éard a dhéanfadh sae, mar do bhí fhios aige nuair a bhain a' teirimeasc do na trí huaire nuair a ghui' sé amach a' dul insa bhfiach go raibh rud eicínt lé theacht treasna dho ná raibh fhios aige.

Do bhí buachaill aimsir' aige a raibh ana-mheas aige air; agus do bhí soithí go leór i n-a chuan agus i gcuan a athar. Do d'imi sé síos go dí an gcuan, agus do thug sé leis a' buachaill aimsire i n-éindí leis mar chuideachtain.

An soitheach ab fheárr a bhí insa chuan, do thug sé a túis do mhuir agus a deire go thoínn; do bhuail sé cic i n-a cúl, agus chuir sé seach' léig i bhfarraig' í. D'eighri sé go hú há agus neart a chrá', agus do chua sé go ghlan-léim isteach i n-a ceart-lár. Do thóg sé a seólta boga bogóideacha bán-dhearaga i mbarra na gcrann, mar a mbíodh lupadáin, lapadáin, boireannáin, barannáin, éisce, róinte, míolta móra a' teacht fé ó bheiríolta (sic) na farraige lé neart fíoruaisle na tiomána a bhí ag Priúnsa Seán ag imeacht dó héin agus dá bhuachaill.

Do bhí sé ag imeacht leis a' seoltóireacht agus a' bórdóireacht ar fhaid na farraige leis féin ar fiog suím mhór aimsire, agus ní rai' sé a' dul i gcuan i n-áit ar domhan. Fé dheire do ruith sé gairid i bproivision i n-a shoitheach do féin agus dá bhuachaill, agus do thug sé a agha ar bhaile beag cuain, mar a thabhairfeadh sé thíos ar ché Thuath Reana é, nú thall insa Spidéal; agus stiúra sé a shoitheach ann isteach.

Nuair a thaini sé insa ché ansin, d'fhág sé a shoitheach sa ché, agus d'imi sé féin agus a bhuachaill isteach suas ar fhuaid na sráide. Nuair a d'imi sé suas ar fhuaid na

sráide, ní fhaca sé aon te' a bhí ar fhuaid na sráide ná raibh dúinte; agus ní raibh fhios aige cuid é an réasún é. Bhí na siopaithe dúinte, agus bhí gach teh dúinte suas, agus iad baráiltí amach i gcoinnibh gah éinne. Do bhí sé a' féachaint thímpeall air i ngach uil' áit nú go bhfaca sé teh a raibh cuma ar fônamh air; agus do d'oil roinnt do le hí proivision a bheith aige insa tsoitheach. Do bhuail sé suas, agus do chrang sé ag a' ndoras sin. Ní bhfuair sé aon tora. Chrang sé aríst, agus ní bhfuair sé aon tora. Do chrang sé an tríú babhta, agus do chuir fear a cheann amach thuas thríd a' bhfuinniúig chuige, agus d'fhiarha sé cad a bhí uaig. Dúirt sé go raibh roinnt proivision uaig a chuirfeadh sé isteach i n-a shoitheach, agus go raibh sé ruite gairid i mbeatha.

" Fan ansin go fóill," adúirt fear a' tsiopa, "agus eireó me anuas, agus tabhairfi me roinnt duit, ach níl aon mhoill lé déan' aghat!"

Nuair a chua sé isteach ansin, agus ligeav isteach é:

"Muise, cuid é an réasún," adúirt sé, "a bhfuil gach teh insa tsráid seo dúinte suas mar athá siad; agus ní fhaca me aon tsráidbhaile riamh a bheadh dúinte suas mar é, agus cuid é an réasún é go bhfuil sé dúinte suas inniubh ? A' bhfuil sé dúinte suas i gcônaí mar sin?"

"A, níl," adúirt fear a' tsiopa, "ach tá siad dúinte suas lé beagán laethanta, mar tá sé ráite," adúirt sé, "go bhfuil Priúnsa Seán agus Madara Dubh na nOch' gCos lé troid amáireach nú amanathar nú inniubh, agus ní fios cé an lá dosna trí laeth' é; agus is sin é amu a' green a bhfuil siad le hí troid air. Is cosúil go maróig a' Madara Priúnsa Seán, agus gom fhéidir go ruithfeadh sae sábháilte isteach i gceann eicínt dosna tethanna 'á bhfuil ar a' mbaile seo; do leanfadh a' Madar' é, agus do mharódh sé Priúnsa Seán agus an méid athá insa teh i bhfochair a chéile," adúirt sé, " agus is sin é an réasún go bhfuil an áit dúinte suas ar fad."

"Tá go math!" adúirt Priúnsa Seán, agus níor labhair sé aon fhocal ach éisteacht leis mar sin. Pé méid proivision a bhí uaig nú a cheap sé oiriúnach do, do thug sé leis é, agus do chua sé síos go dí n-a shoitheach, é féin agus a bhuachaill. Nuair a bhí gach rud socair isteach i n-a shoitheach aige ansin, agus a chlaíomh síos lé n-a thaobh aige:

" Sea, anois," adúirt sé leis a' mbuachaill," teighre tus' abhaile go díom' mháthair-sa, agus fan aici go ceann lá agus bliain, agus mara mbe mise casta i gceann lá agus bliain, níl aon tseans, is dóch, go gcasfa me i gcathamh a' domhain. Agus bíodh a' gleann agus a bhfuil ann aghat-sa, an méid maireachtáil athá agham-sa agus is ceart a bheith agham, bíodh sae aghat-sa i ruith a' domhain i n-a dhiaig sin mara mbe me casta."

"Ní ragha mis' abhail' anois," adúirt an buachaill," ná ní fhágfa me tu; agus is dóch má thagann sé sin i n-ao'chor, inniubh ná amáireach ná aon lá eile, gur fearr athá beirt againn ábalt' ar é throid ná mar a throidfi tusa leat héin é."

" Ó, ní dhéanfadh sé an gró," adúirt sé. "Teighre tus' abhaile go díom' mháthair, agus ná bíodh saí fé uaigineas, agus tabhairfi mise mo bhóthar oram pé ar domhan nós a dh'fhéadfa mé nú a ruithfidh Dia liom!"

Bhí go math. Thainig a' buachaill abhaile, agus ní lé fonn é; agus do bhí sé a' féachaint i n-a dhiaig nú gur fhág sé Priúnsa Seán as (sic) a radharc.

Mar sin nuair a d'imi sé as radharc Phriúnsa Seán, do chas Priúnsa Seán, agus do d'imi sé síos tríd a' sráid mar a dh'imeódh sé siar amach a' bóthar tamall. Agus do bhí an oíhe a' teacht air ansin, agus é doracha. Do bhuail sé isteach i n-áit a raibh gasair- neach choille, agus dúirt sé go bhfanfadh sé [ar feadh] na hoíhe ansin go maidean. Do chua sé isteach an áit a raibh tor muar coille a bhí fonthúil (fothainiúil), do lui sé istig fén dtor, do leag sé a chlaíomh thíos fé n-a bholag, agus do thuit sé i n-a cholla. Agus nfor throm-suan do; ní rai' sé i bhfad i n-a cholla nuair a dhúisi sé arist, mar bhí an Madara Dubh a' ruith trí n-a aigine, agus faitíos air go dtiocfadh sé air.

Bhí go math. Thug sé súil eicínt amach ón dtor, agus do choinnic sé spíce solais mar a bheadh sé a' teacht amach as the'.

"Níl muid i bhfad ósna tehanna i n-ao'chor," adúirt sé, "agus, by gob, déanfa me ar a' dte' insa chaoi go mbeig lóistín na hoíhe agam ar chuma 'r bith."

Mar sin a bhí. Do dhin sé ar a dte', agus nuair a bhí sé a' déan' ar a' dte', do bhí cú mhuar amuh i n-a luí ar a' ngreen tao' 'mu ghon te'; agus do dhin sé suas ar a' ndoras. Nuair a choinnic a' chú é, d'eighri sí, agus do bhain sí trí chor aisti féin, agus do cheap sí [é] ithe i n-éineacht. Do tharrainn Priúnsa Seán a chlaíomh agus do chua sé ar é féin a chosaint ar a' gcú; agus ní rabhadar gairid dá chéil' i n-ao'chor nuair a d'eighrig sean-fhear, agus sheasa sé insa ndoras.

“Fóill, fóill ! a Phriúnsa Seán, seachain tu féin, agus ná din dad' ar a' gcú,” adúirt sé, " agus ní dhéanfaig a' chú aon ghiob ort, agus b'fhé' gom fheárr 'o chúna dhuit a' chú as seo go maidean ná dhá ndinteá í ghortú!”

Mar sin a bhí. Do leag Priúnsa Seán a chlaíomh síos lé n-a thaobh arís, agus do stop a' chú. Do thug a' sean-fhear isteach Priúnsa Seán go dí n-a the', agus d'fháilti sé roimhe. Do chuir sé a shuipéar i gcóir do; agus d'ua sé go math é. Do chuir sé síos coirceán uisce, agus ni sé a dhá chois, chimil sé lé n-a thúáille é, agus chuir sé suas a choll' é. Do chodail Priúnsa Seán an oíhe sin.

Insan am ba cheart don Mhadara Dubh a theacht amach san oíhe, do tháini sé, agus má tháinig choíhint, do chua sé féin agus a' chú fé chéile a' troid. Do throideadar an oíhe sin go maidean chô dian agus b'fhéidir leóth' é, ach fé dheire ar maidin dob éigin don Mhadara Dubh imeacht; agus bhí Priúnsa Seán i n-a cholla ar a leabain gan dochar, díth, ná díobháil déanta dho t'réis na hoíhe.

Mar sin a bhí. Ar maidin, nuair a d'eighri sé, chuaig a' sean-fhear suas chuige; agus do bhí sé ar chúl a chínn insa leabain, agus port feadaíola thuas aige t'réis na hoíhe, do bhí sé i nhumour chô math sin. "Is mar sin é, a Phriúnsa Seán," adúirt a' sean-fhear. "Tá tusa slán sábháilte t'réis na hoíhe."

"Táim," adúirt Priúnsa Seán, "go ra' math agus faid saeil aghat-sa as a los sin!"

Do thaini sé anuas ansin, agus d'ua sé a bhricfeast. Agus nuair a bhí sé ag imeacht ar maidin ón sean-fhear, d'fhág sé slán agus beannacht 'ige, agus ghui' sé baochas na hoíhe leis.

"Tá tu ag imeacht anois, agus má tháir," adúirt sé, " tabhairfi mise mo chú féin duit mar bhronntanas. Tabhair leat í, agus b'fhéidir go ndéanfadh sé math dhuit. Agus anois anocht," adúirt sé, "'sé an áit a mbe tus' ar lóistín i dte' driothár dô-sa, agus geóbha tu do lóistín chô math céanna agus bhí aréir agat."

Do ghui' sé baochas níos mó ansin leis, agus d'imi sé leis, é féin agus a chú. Ní raibh sé féin agus a' chú i bhfad ón dte' nuair a thanadar le chéile a' caínt.

"Bhfuil tu in do mharcach mhath?" adúirt a' chú leis. "Muise, sé a' practice a bhí ag baile riamh agam é!" adúirt Priúnsa Seán.

"Anois," adúirt a' chú, " caith do chos treasn' oram, agus beir ar dhá chluais oram, agus b'fhéidir go ngaeirdeómuíst að bóthar!"

Mar sin a bhí. Do chaith sé a chos treasna ar a' gcú, agus do riug sé ar dhá chluais uirthi. Do thiocfadh a' chú suais leis a' ngaoch a bhí réimpi, agus ní raibh fáil ag a' ngaoch a bhí i n-a diaig theacht suais léithi; agus d'imi sí léithi, agus do bhí sí luath go leor tráthnóna ag te' an tsean-fhir eile.

Do bhí an chú agus Priúnsa Seán a' góil suas go dí an ndoras go dí an tarna duine críonna, agus do bhí cú mhuar eile n-a luighe thuas ag a' ndoras roimhe sin amach. Nuair a choinnic [a' chú] a' góil chuici suas iad, d'eighri sí, agus do bhain sí trí chor aisti féin aríst, agus do cheap sí déana ar Phriúnsa Seán agus ar a' gcú chuig ithe i n-éineacht. Do tharrainn Priúnsa Seán an claíomh chuig' aríst chuig é féin agus a chú féin a chosaint uirthi; agus ní raibh a' claíomh tarraingte baileach 'ige nuair a thainic a' sean-fhear insa doras, agus do labhair sé:

"Fóill, fóill, a Phriúnsa Seán," adúirt sé, "seachain tu féin, agus ná din aon anachain don chú, mar ní dhéanfaig a' chú aon anachain duit, agus b'fhé' gom' fheárr an chairid duit an chú as so go maidean," adúirt sé, "ná dhá mbeitheá it' aonar!"

Mar sin a bhí. Do leag Seán an claíomh síos le n-a thaobh, agus níor dineag níos mó eatarthu. Chuaig Priúnsa Seán suas go dí an sean-fhear, agus má chuaig chofhint, d'fháiltig a' sean-fhear roimhe. Thug sé isteach é, agus thug sé a shuipéar do, do chuir sé uisce síos agus do ni sé a chosa. Do thrioma sé lé túáille iad, agus do chuir sé suas a choll' ar a leabain aríst é mar a chuir a' fear a bhí roimhe an oíhe roimhe sin ann insa nós chéanna.

Do bhí an dá chú i n-éineacht lé chéile tao' 'mu dho dhoras. Do

chodail Priúnsa Seán an oíhe chô math agus do chodail sé riamh. Nuair ab am don Mhadara Dubh a theacht fé dhéin Priúnsa Seán, do thaini sé, agus nuair a cheap sé a dhul isteach d'oibiri sé féin agus a dá chú a chéile chô dian agus dob fhéidir leóth' é, agus do sheasaíodar insa troid sin nú go mb'éigin don Madara Dubh imeacht ar maidin, agus é geárrtha leidhpithe.

Do bhí Priúnsa Seán i n-a choll' ar a leabain, agus ní raibh caduaic air; níor chodail sé aon oíhe go maidean ní b'fhearr. Bhí go math.

Ar maidin do bhuail a' sean-fhear suas chuige, agus do bhí Seán ar chúl a chínn sa leabain, agus a phort feadaíola thuas aige mar a bhí an oíhe roimhe sin.

"Tá tú sleamhain slán t'réis na hoíhe," adúirt a' sean-fhear leis. " Táim, go ra' math agat-sa, agus faid saeil!" adúirt Priúnsa Seán. "Agus bíodh a bhaochas agam ort!"

Well, ní misde dhuit a bhaochas sin a bheith agat oram," adúirt sé, "ach eighri suas anois, agus tá bricfeast i gcóir agam-sa dhuit!"

Do d'eighri Priúnsa Seán suas, agus d'ua sé a bhricfeast. Nuair a bhí sé ag imeacht, é féin agus a chú, do d'fhág sé slán agus beannacht ag a' sean-fhear, agus ghui' sé baochas na hoíhe leis.

" 'Anois, tá tu ag imeacht," adúirt sé, " agus tabhairfi mise mo chú féin duit mar bhronntanas; agus tabhair leat í, agus beig a' dá chú i n-éineacht agat. Agus is é an t-ainim athá ar mo chú-saLuas."

Do d'imi sé ansin; agus bhí baochas níos mó aríst aige air. Agus níor dheagha sé féin agus an dá chú le chéile nuair a labhradar arist leis.

"Tá tu do mharcach mhath?" adúirt Luas leis.

" "Tá," adúirt Fios, mar bhí sé a' marcaíocht oram-s' inné, agus tá sé i n-a mharcach mhath."

"Caith do dhá chois treasna orainn le chéile anois," adúirt na gadhair leis, "agus éascómuid a' bóthar!"

Le n-a línn sin do chaith sé a dhá chois treasna orthu, agus pé ar domhan siúil a dhin Fios inné roimhe sin, do dhineadar a dhá oiread an tarna lá, agus do bhí sé go luath tráthnóna ag te' a' tríú sean-fhear.

Nuair a bhí sé a' déana suas ar an tríú sean-fhear, do bhí madara muar dubh, giobalach, láidir, millteach, thuas ag a' dte' 'n-a luighe amuh, tao' 'muh dho'n doras. Nuair a choinnic sé a' déana suas iad, d'eighri sé, agus do shíl siad go mbeadh siad ite i gceann dhá neómaint [aici]. Do tharrainn Priúnsa Seán a chlaíomh aríst chuig é féin agus a chuid gadhar a chosaint ar a' madara muar; agus do d'eighrig a' tríú sean-fhear amach insa doras thuas.

'Fóill, fóill, a Phriúnsa Seán!" adúirt sé. "Ná din aon anachain don ngadhar, agus b'fhé' gom' fheárr an chairid duit a' gadhar as so go maidean ná dhá mbeitheá it' aonar, agus ní dhéanfaig a' gadhar aon anachain duit!"

Lé n-a línn sin leag Priúnsa Seán a chlaíomh anuas le n-a thaobh, agus do stop a' gadhar. Do chuaig Priúnsa Seán isteach go dí an sean-fhear. Do thug an sean-fhear a shuipéar do, agus do ni sé a chosa 'ríst, thrioma sé lé n-a thuáille é, agus do chuir sé suas a choll' ar a leabain é.

Mar sin a bhí. Nuair a bhí sé i n-am age ['n] Madara Dubh a theacht fae dhéint Priúnsa Seán a' tríú hoíhe, do bhí an dá chú agus an Madara Dubh amuh, agus do dhineadar attacking ar Mhadara Dubh na nOch' gCos; agus má dhineadar choíhe, ní

bhfuair sé aon spóiléireacht riamh mar a fuair sé, agus b'éigean do imeacht i bhfad níos éasca ná d'imi sé aon oíh' eile.

Bhí go math. Ar maidin lárnamháireach do d'eighrig a' seanfhear, agus chua sé suas go dí Priúnsa Seán; agus bhí sé [sin] ar chúl a chínn sa leabain, agus é a' feadaíol agus ag amhrán dó féin. "Tá tú go math ansin, a Phriúnsa Seán," adúirt sé, "t'réis na hoíhe, gan dochar, díth, ná díobháil déanta dhuit!"

" Táim," adúirt Priúnsa Seán, "go ra' math a's faid saeil agat as a los sin!"

"Ní miste dhuit sin a reá!" adúirt sé.

Mar sin a bhí. Do d'eighri sé ar maidin, agus d'ua sé a bhricfeast, agus do bhí sé a' dul a' fágaint slán ag a' sean-fhear aríst.

"Tá tu ag imeacht anois," adúirt a' sean-fhear," agus tabhairfi mise mo mhadara féin duit i n-éindí le do dhá chú, agus be cúna math ansin agat!"

Do ghui' sé baochas leis sin, agus bhí sé i bhfad níos baohaí dhe. Do d'imi sé leis. Do bhí Fios, Luas, agus Droim Dúbailte ansin ag imeacht i n-éindí leis. Do d'imi sé féin, agus Fios agus Luas agus Droim Dúbailte i n-éindí leis ansin, agus níor stop sé riamh riamh ach a' siúl leis ar fhaid a' lae. Ard-tráthnóna, do bhuail sé suas go dí te' muair, é féin agus a thriúr gadhar; agus má bhuail choíhint, do bhí óigbhean ansin thuas, agus nuair a choinnic sí a' góil suas go dí an ndoras é, do dhruid sí anuas i n-a choinne, agus ní fhacaig éinne aon fháilte mar a bhí aici roimhe. Do shíl sé go mb'fhíor dhi, agus go raibh fáilte roimh' aici, agus do bhí an-áibhéis air. Do bhuail sé féin agus í féin suas, agus do fuair sé dínnéir, suipéar agus leaba nár chodail sé i n-a lithéide riamh ná roimhe sin. Do cuireag a chuid gadhar isteach i halla, fuaireadar a suipéar, ach má cuireag, cuireag doras iarainn reómpa ná beadh aon fháil ghóil amach acu.

Do bhí go math. Ba seo óigbhean, agus bhí sí geallta go Mhadara na nOch' gCos; agus do bhí sé ar a' bhfear ba bhreácha a bhí fén saol go léir; ach dúirt sé léithi ná raibh aon fháil imeacht ó n-a dhraíocht go brách ná choíhint nú go maraíodh sé Priúnsa Seán, agus ansin go mba léithi i gcathamh a' domhain aríst é. Do bhí fhios é sin ag an óigbhean, agus is ceann ar n-agha a chuir sí na gadhair i bhfolach uaig insa chaoi ná beadh aon chún' aige.

" 'Agus anois," adúirt a' Madara Dubh léithi, “tabhair deis dô-sa theacht ar Phriúnsa Seán anocht, agus déanfa me obair ghairid de!"

Mar sin a bhí. Do chuir sí Priúnsa Seán ar leabain, agus nuair ab am don Mhadara Dubh a theacht, do bhí sé a' teacht. Do bhí Fios istig. D'eighri sí i n-a seasamh:

" Haha!" adúirt sí. "Is bog socair athá againn le coll' anocht, agus sinne anseo; agus tá ár maighistir le bheith marabh i gceann beagán neóimintí!"

"Ŏ," adúirt Droim Dúbailte, " cad athá le déan' againn ? " "Ŏ tá," adúirt sí, "cuireamuid ár neart le chéile, agus briseamuid a' doras!"

Do chuir na trí cínn do ghadhair a neart lé chéile, agus do bhriseadar a' doras. Dhineadar ar n-agha chô dian agus b'fhéidir leóthu. Do bhí Madara Dubh na n-Och'

gCos a' teacht suas go dí an ndoras díreach glan, agus d'aidhmsíodar féin agus é féin a chéile. Do thosnaíodar féin agus é féin ar a chéil' ansin chô dian agus dob fhéidir leóth' é, agus níor fhágadar oiread agus aon ghiobóigín amháin le chéile dhe nár stróiceadar is nár stracadar. "Well, anois," adúradar leóthu féin," ní bhe sé ann go brách aríst!"

Mar sin a bhí. Nuair a cheap an óigbhean seo ar maidin go raibh Priúnsa Seán marabh, d'eighri sí suas, agus do bhuail sí suas chuige. Do bhí sé sínt' ar chúl a chínn sa leabain, agus é a' ráise amhráin do féin go breá! Ní fhacaig éinne riamh aon áibhéis mar a thainic uirthi—'á mb'fhíor í féin—go rai' sé chô slán i n-a shláinte agus do bhí sé; agus ní mar sin a bhí an aigin' aici.

D'fhan mar sin go dí astoíhe lárnamháireach; agus choinni sí insa teh é, agus ní raibh aon mheas ar aon fhear riamh chô mór agus mar a bhí aici air.

Nuair a thuit an oíhe astoíhe lárnamháireach, do tháinic an Madara Dubh tao' 'muh ghon bhfuinniúig aici, agus do chuir sé suas a chrúb, agus d'aithin sí é. Do chua sí chuig caínte leis, agus dúirt sé léithi:

"Anois," adúirt sé, "anocht cuirigí géibheanna níos [cúinge] ar na gadhair ná mar a chuir tu aréir orthu, agus tiocfa mis' aríst," adúirt sé, "mar níl me stróicithe ar fad lé chéil' i n-ao'chor aca, agus gheó[bh]a me dhul lé chéil' aríst agus a bheith chô math agus bhí mé riamh; agus b'fhéidir go bhfaighinn deis, 'á mbeadh na gadhair curth' ar leataoibh, ar é scuab' i n-éineacht."

Mar sin a bhí. Do chuir sí Priúnsa Seán ar leabain; agus do bhí a shuipéar cait' aige mar a bhí an oíhe roimhe sin. Do bhí na gadhair-d'fheedáil sí iad, agus chuir sí a dhá oiread géibheann' [orthu] an tárna hoíhe agus do chuir sí an chéad oíhe. Do chuadar sin isteach; agus lé línn an t-am céanna astoíhe lárnamháireach do bhí a' Madara Dubh a' teacht, agus do bhí sé a' teacht suas leis a' ndoras aríst. Do d'eighrig Fios do léim.

"Ara," adúirt sí, "támuid a' colla go socair anocht arist, agus tá an Madara Dubh chô sleamhain chô slán agus do bhí sé riamh. Tá sé a' teacht fé dhéint ár maighistir anocht arist," adúirt sí," agus cud athá lé déan' againn ? Tá an géibheann ró-mhuar eadarainn," adúirt sí, "ní fheádfamuid a bheith chuige chô héasca is d'oilfi sé dhúinn."

"Eighríomuid," adúirt Droim Dúbailte, "agus cuireamuid ár neart lé chéile aríst, agus b'fhé' go ndéanfamuist a' gró!"

Lé n-a línn sin do theanadar le chéil' ar a' ndoras, [agus] do thugadar a' doras leóth' ar a ngualainneacha nú go d'fhágadar amuh ar a' sráid é. D'imíodar, d'aidhmsíodar an Madara Dubh aríst, agus pé ar domhan rúsc' a fuair sé an chéad oíhe, do fuair sé a sheacht n-oiread an tarna hoíhe, insa chaoi go mb'éigean do imeacht gan dochar, díth, ná díobháil a dhéana gho Phriúnsa Seán aríst.

Ar maidin lárnamháireach, nuair a cheap [an óigbhean] go raibh Priúnsa Seán marabh ag an Madara Dubh, do chua sí suas go doth ar maidin, agus d'fhéach sí cé

an chor a bhí air; agus do bhí sé insa nós chéanna a' feadaíol agus ag amhrán do féin. Bhí áibhéis as miún uirthi go raibh sé chô math i n-a shláinte agus do bhí sé, ach ní hé sin a haigine i n-ao'chor. Mar sin a bhí. D'fhan mar sin go dí astoíhe lárnamháireach aríst.

“Anois,” adúirt [an Madara Dubh] léithi,“ teighre tusa síos insan áit ar stróiceadar agus ar stracadar mise, agus má d'fhaigheann tu aon tsórt giob a bhain liom, fiú bárr m'iongan, tóg suas é, agus cuir isteach in do cheirsiúir é, tabhair leat é, agus cuir thiar fé n-a dhroim fén mbairlthín ar a leabain anocht é," adúirt sé. “Ní cáll dô-sa theacht i n-ao'chor, mar cuirfig bárr m'iongan-sa bior ní[mhe] trí n-a chroí, agus caillfear é, agus be sé marabh ar maidin."

Mar sin a bhí. Do chua sí síos le háibhéis, agus do thug sí Priúnsa Seán léithi go mbeadh fhios aici cé an áit a raibh an Madara Dubh marabh t'réis na hoíhe. Ní fhacaig éinne riamh aon áibhéis mar a bhí uirthi. Agus do bhí sí a' siúl, agus a' cuartach, agus a' déana iongantas mór don stróca agus don obair a bhí déanta thímpeall ar na gadhair ar fhaid na hoíhe; ach níor dhin sí aon bhlas nú go bhfuair sí rud beag is lú ar domhan do bhárr a iongan. Do riug sí ar a ceirsiúir, agus thóg sí i mbárr a ceirsiúir é, agus níor lig sí uirthi féin dada, nú gur thug sí léith' é; agus ní ligfeadh saí gh'éinne leaba Phriúnsa Seán, lé meas air, a chóiriú ach í héin. Do chua sí, agus

shocra sí, agus chóiri sí leaba Phriúnsa Seán. Do chuir sí bárr na hiongan thíos ar agha a chroí fén leabain, agus do d'fhág sí ansin fén mbairlthín é.

Do chua Priúnsa Seán, agus lui sé ar a leabain, agus níorbh fhada gur airi sé an bior ní[mhe] a' dul trí n-a chroí, agus do bhí sé a' fáilt bháis leis 'o réir a chéile chô dian agus b'fhéidir leis é.

"Haha 'ra," adúirt Fios, " is bog a chollaímuid anois, agus tá ár maighistir a' fáil bháis ar a leabain chô dian agus is féidir leis é ! Anois cuid éard a dhéanfamuid? Tá ionga Mhadara Dubh na n-Och' gCos-sin a raibh le fáil aici-chuir sí thíos fé n-a dhroim é anocht, agus ní bhemuid i n-am ná i n-uair i n-ao'chor aige mar tá iomurca gosna géibhinn orainn."

'Well," adúirt Droim Dúbailte aríst, "tástálamuid aríst é, agus gabhamuid ar n-agha!”

Le n-a linn sin chuadar ar n-agha aríst, agus má chuadar choíhint, do bhriseadar a' doras. Do dhineadar ar n-agha, agus do chuadar suas go dí an leabain go dí Priúnsa Seán, agus ní raibh ann ach go raibh a' dé hann. Ní rai' sé ábalta ar labhairt leóthu.

"Haha," adúirt [Droim Dúbailte], "tá sé a' fáil bháis anois,

ach a' bhfuil aon ghiob sa domhan a leigheasfadh é? " "Níl," adúirt Fios, "ach aon rud amháin-tá bileóg insa Domhan Thoir, agus dá mbeadh sé leacaithe ar a' lot do leigheasfadh sé é."

"Ar imi tu fós?" adúirt Droim Dúbailte [lé Luas

"D'imíos is thángas!" adúirt Luas.

Do leagav a' bhileóg lé n-a dhroim, agus d'eighri sé suas chô sleamhain chô slán agus bhí sé riamh. Nuair a d'eighri sé suas:

"Well anois," adúirt Droim Dúbailte leis, " tá an bithiúnach sin a' plé leat lé trí oíhe, agus í a' fáilt faill ort chuig tu mharú, mar níl aon fhear sa domhan is feárr léithi ná Madara Dubh na nOch' gCos, mar tá sé ar a' bhfear is breácha fén ndomhan go léir, agus dá mbeitheá-sa marabh do bhí a chuid draíocht imithe dhe sin, agus ba léithi i gcathamh a' domhain é! Ach a' bhfuil fhios agat-sa cad a dhéanfa tu amáireach léithi?" adúirt Droim Dúbailte leis.

"Níl fhios," adúirt sé.

" "Bí chô bladarach, chô lách, agus bhí tu riamh léithi," adúirt sí, agus árda leat í. Ragha sí ad' thiúnlacan nuair a bhemuid ag imeacht, agus má theigheann choíhe, nuair a gheó[bh]a tu tamall ó

bhail' í, beir uirthi, agus úmpaig thímpeall í, buail cic sa tóin uirthi, agus abair léithi theacht abhaile agus a dhul ar thuairisc a' Mhadara Dubh!"

Mar sin a bhí. Ar maidin lárnamháireach do d'fhág sé slán aici, agus ní rai' sí sásta é ligint chuig a' tsiúil i n-ao'chor, ach mar sin féin do thaini sí i n-éindí leis dá thiúnlacan tamall. Nuair a fuair sé tamall as bóthar í ansin, do dhin sé léithi mar adúirt Droim Dúbailte. Do chais sí dúch, brónach, uaigineach, agus gan aon fháil ar Phriúnsa Seán ná ar a' Madara Dubh aici.

Do d'imig Priúnsa Seán agus a thriúr gadhar i n-éindí le chéil' ansin nú go dtaini sé chô fada lé séiltheán abhann. Do bhí tua agus bloc leacaithe ansin.

"Well, anois," adúirt Fios, "anso a fuair tu mise, agus is ann a chathfa tu me fhágaint!"

" Cuid é a' rud san dá reá agat?" adúirt Priúnsa Seán. Cuid é an 'anso a fuair tu mise, agus anso a chathfa tu me fhágaint'?" "Leagfa mise mo cheann ar a' mbloc seo anois," adúirt [Luas],

"agus beir ar a' dtua sin, agus bain a' ceann díom!" « 'Sin rud ná déanfa me i gcathamh a' domhain," adúirt Priúnsa

Seán léithi, "mar b'fhiú níos mó ná sin dom tu!"

"Ó, níl aon fháil air," adúirt [Luas], " cathfa tu sin a dhéana liom-sa!

Do bhí sí ar súil leis nú gur leag sí a ceann ar a' mbloc; ach pé scéal é, do bhuail sé buille ghon tua i gcôngar a' chínn agus a' mhuiníl uirthi, agus do bhain sé an ceann di. Agus nuair a d'fhéach sé siar ar [a] chúl do bhí an bhean ab áille dár las gaoch ná grian riamh [uirthi] 'n-a seasamh thiar ag cúl a chínn.

Do d'imi sé féin agus í féin lé chéil' ansin nú go dtaini sé go dí séiltheán eil' abhann. Bhí bloc agus tua leacaithe ansin.

" Well, anois," adúirt Luas, "anso a fuair tu mise, agus anso a chathfa tu me fhágaint!"

"Ŏ, cad é an nós é sin?" adúirt [Priúnsa Seán].

"Cathfa tu breith ar a' dtua sin," adúirt sí," agus leagfa mise

mo cheann ar a' mbloc, agus bain a' ceann díom!" " Sin rud ná déanfa mé," adúirt sé, "mar is breá a cheanna tu riamh roimhe sin me!"

"Níl aon mhath ann anois," adúirt sí, "cathfa tú é sin a dhéana!"

Nuair a choinnic sé cad a thuit amach don cheann a bhí roimhe sin ann, ní raibh an tafaint chô mór uaig. Do riug sé ar a' dtua, agus do bhuail sé i gcôngar a' chínn 's a' mhuiníl í, agus do bhain sé a ceann di. Nuair a d'fhéach sé siar ther chúl a chínn, bhí an tarna bean 'n-a seasamh lé taobh a chéile aríst. Do bhí sé an-tsást' ansin.

D'imi sé leis nú [gur shiúil] sé tamall eile bóthair, agus casag séiltheán eile abhann leis an tríú séiltheán. Do bhí bloc agus tua ann ansin leacaithe.

"Siod é an áit," adúirt Droim Dúbailte, "a fuair tusa mise, agus is ann a chathfa tu me dh'fhágaint!"

"Á, ní scarfa me go brách leat," adúirt sé, " mar ní fhéadfadh aon chomarádaí a bheith agam níos feárr ná tu!"

"Níl aon mhath ann," adúirt sé, "cathfa sé seo a bheith amhla: anseo a fuair tu me, agus is ann a chathfa tu me fhágaint!"

Nuair a choinnic sé cé a' nós a raibh a' scéal ag a' mbeirt eile roimhe sin, níor iarr sé mórán tafaint. Do leag sé a cheann ar a' mbloc. Do bhuail sé buille ghon tua air, agus [do bhain sé a cheann de]. Nuair d'fhéach sé siar ther a ghualainn aríst, do bhí an fear is breácha ghá bhfaca sé riamh roimhe sin 'n-a sheasamh thiar lé taobh na mbeirt (sic) óigbhan. Do d'imi sé féin agus iad féin lé chéil' ansin ar chuairt tamaill.

"Well, anois," adúirt siad, " níl aon dul aghainn-ne a dhul níos sia. Tá an draíocht caite dhínn, agus tá sé imithe dhínn. Ní raibh aon fháil go brách ná choíhint againn scara lé n-ár ndraíocht nú go maraí muid Madara Dubh na nOch' gCos, agus ní raibh aon fháil ag Madara Dubh na nOch' gCos scara le n-a dhraíocht nú go maraíodh sé tusa. Tá muid ar fad ó dhraíocht anois, agus tá Madara Dubh na nOch' gCos imithe gan aon tuairisc go brách!"

féin agus Fios; agus do phós sé Luas agus Droim Dúbailte le chéile. Do d'imíodar agus theanadar abhaile. Do thainic Priúnsa Seán abhaile go dí n-a mháthair, agus s do mhair sé léithi i ruith a shaeil ó choin riamh, ón lá sin go dí an lá athá inniubh ann. D'airi me trácht orthu ó choin riamh go hanamhinic, agus bhíodar a' maireachtáil go hana-mhath.

Mar sin a bhí. Do phós sé